Oide

Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí

Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

# An Idirbhliain a Chothabháil agus a Neartú

## Coordaitheoirí na hIdirbhliana: Lá 4

CC BY NC

Oide

# Clárú

Cláraigh leis an cód MF nó leis an nasc, le do thoil.

https://tinyurl.com/27w73hy2

Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí

Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

# 2025/2026 – Deiseanna do EFG don IB

Oide

EFG 4 do
Choordaitheoirí + 1
Aibreán 2026

Ceardlann ar line do
Mhúinteoirí
Téarma 3



EFG ar líne chun tacú le
Coordaitheoirí Nua agus Múinteoirí IB
Téarma 3

# Sceideal

Oide

| | |
|---|---|
| 9.30 - 11.00 | Seisiún 1 |

**Sos 11.00 - 11.15**

| | |
|---|---|
| 11.15 - 1.00 | Seisiún 2 |

**Lón 1.00 - 2.00**

| | |
|---|---|
| 2.00 - 3.30 | Seisiún 3 |

Oide

# Ag Obair le Chéile Inniu

Gníomhaíocht Aonair

Gníomhaíocht Bheirte

Gníomhaíocht Ghrúpa

Straitéis Digiteacha

Machnamh

Aiseolas

# An Turas go dtí seo….

## Iniúchadh ar an IB

**Lá EFG 1**

## Clár Leathan agus Cothrom

**Lá EFG 2**

## Comhthéacs na Scoile

**Lá EFG 3**

Oide

Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí

Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

# Ár gCuid Foghlama go Dáta

Oide

https://padlet.com/jct2/padlet_IB_EFG1234

# Intinní Foghlama

Oide

**01**

An t-Iniúchadh a aithint mar uirlis do mhachnamh agus d'athnuachan i gClár na hIB

**02**

Tuiscint a dhaingniú ar úsáid na micreamhodúl chun ár gClár na hIB a athnuachan agus a éabhlóidiú.

**03**

Machnamh agus feabhas ar chleachtas punainne trí mheasúnú comhoibríoch agus fianaisebhunaithe

# Bristeoir Oighir: Córchuimhne na hIB





Straitéis Digiteacha

Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí

Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

Oide

# Córchuimhne na hIdirbhliana




Gníomhaíocht Ghrúpa

Oide

Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí

Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

# Seisiún 1

## An t-Iniúchadh mar uirlis don mhachnamh agus d’athnuachan




CC BY NC

# Forleargas ar an Seisiún

**Athbhreithniu** ar ár n-iniúchadh IB, mar phróiseas don fhorbairt leanúnach

**Meastóireacht** ar athraithe ag eascairt as ár rannpháirtíocht leis an iniúchadh

Sainaithin deiseanna chun ár gclár a **nuashonrú** ailínithe le Ráiteas an Chláir IB

# Aidhmeanna Ráiteas an Chláir

1. Forbairt an scoláire mar dhuine iomlán a chothú trí bheith ag forbairt ar réamhthaithí, trí churaclam a bheadh deartha ag an scoil agus é ailínithe le Ráiteas an Chláir Idirbhliana.

2. Spás agus deiseanna a chruthú le haghaidh eispéiris foghlama bhríocha thaitneamhacha trínar féidir príomhinniúlachtaí an scoláire a fhorbairt sa seomra ranga agus ar scoil, sa bhaile agus ina ról mar shaoránach áitiúil, náisiúnta agus domhanda.




(Ráiteas an Chláir Idirbhliana, lch.8)

# Aidhmeanna Ráiteas an Chláir




(Ráiteas an Chláir Idirbhliana, lch.8)

3. Taithí agus feasacht an scoláire ar chonairí éagsúla todhchaí a leathnú agus acmhainneacht an scoláire a fhás féin agus a fhorbairt féin a chothabháil, trí phróiseas d'fhoghlaim ar feadh an tsaoil, a chothú.

4. É a bheith ag éabhlóidiú ar bhonn leanúnach chun tacú le foghlaim agus forbairt an scoláire trí phróiseas machnaimh agus athnuachana a chuimseodh an scoláire, múinteoirí, ceannairí scoile, tuismitheoirí agus comhpháirtithe pobail.

# Próiseas an Iniúchta

Is ionann clár éifeachtach IB, rud a bheidh uathúil i ngach scoil, agus clár ina bhfeidhmíonn gach gné den churaclam chun an scoláire a fhorbairt i gcomhréir leis na Gnéithe Scoláire.

(Ráiteas an Chláir Idirbhliana, 2024, p.10)



Oide

# Athmhachnamh agus Athnuachan

Tríd an gclár IB a athbhreithniú, a mheastóireacht agus a nuashonrú, ar bhealach leanúnach ionchuimsitheach, ceadaítear an clár IB is fearr a fhorbairt a oireann d’fhoghlaim agus d’fhorbairt an scoláire.

(Ráiteas an Chláir Idirbhliana, 2024, lch.16)



Oide

# An Próiseas i nGach Seisiún

- **Athbhreithniú**
  Cad atá á dhéanamh againn faoi láthair?
- **Meastóireacht**
  Cé chomh maith is a oireann sé seo d'fhorbairt an scoláire?
- **Nuashonrú**
  Cad air a dhéanfaimid leasú, neartú, nó uasdátú?



# Mo Thuras Iniúchta

Oide

Déan scanadh ar an gcód MF no cuir an nasc sa bhosca brabhsalaí

https://tinyurl.com/IniuchadhIB

An t-Iniúchadh – Fill out form

Gníomhaíocht Aonair

# Mo Thuras Iniúchta: Aiseolas




[An t-Athbhreithniú]

Oide

# Athbhreithniú ar do Chlár IB

## An úsáid a bhainfaí as an Iniúchadh?

- Machnamh leanúnach
- Cinnteoireacht fianaisebhunaithe
- Leasaithe tráthúla
- Dul chun cinn comhsheasmhach



Gníomhaíocht Ghrúpa

# Is Clár Beo é Clár na hIB

Tá se deartha le bheith…

- ag fás
- ag eabhlóidiú
- solúbtha
- ionchuimsitheach
- scoláire-lárnach






# Cé atá páirteach?



# Páirithe leasmhara rannpháirteach san iniúchadh

Conas?

Cad a d'fhoghlaim tú?




Gníomhaíocht Ghrúpa

# Am don Mhachnamh agus don Athnuachan

- Cad iad na straitéisí a d'úsaideadh chun athbhreithniú a dhéanamh ar an IB?
- Cén fhianaise a bhí ábhartha?
- Cad a bhí éifeachtach, agus cen fáth?
- Aon rud a dhéanfá ar bhealach difriúil?



Machnamh

Gníomhaíocht Ghrúpa

# Ag Roinnt Chleachtais

Oide

## Rannpháirtíocht ag Páirtithe Leasmhara

| Straitéis Úsáidte | Fianaise Bailithe | Cad a bhí éifeachteach? |
| --- | --- | --- |
| | | |

# Treoir dár Machnamh agus Athnuachan

**Oide**

**Réasúnaíocht**

*Conas atá ár gclár ag comhlíonadh ardaidhmeanna na hIdirbhliana*

**Aidhmeanna**

*Cé chomh héifeachteach is atá aidhmeanna Ráitéas an Chláir IB á mbaint amach?*

**Gnéithe Scoláire**

*Conas atá an clár ag tacú le forbairt scoláire thar na ceithre Ghné Scoláire?*

**Gneithe Curaclaim**

*Cé chomh maith is atá an mheastóireacht ar na ceithre Ghné Curaclaim— ag machnamh siar agus ag machnamh ar aghaidh?*

# Athmhachnamh agus Athnuachan

Oide

Bain úsáid as na gnéithe scolaire mar lionsa ar na bealaí go bhfeadfá do chlár IB a athnuachan trí mhachnamh a dhéanamh agus cuimhneamh chun tosaigh

## FÁS PEARSANTA

### Táscairí forbartha

- An scoláire a bheith ag éirí níos cinnte agus níos muiníní ina thaobh féin mar dhuine.
- Cúram níos fearr a dhéanamh dá shláinte agus folláine féin agus de shláinte agus folláine daoine eile.
- Spriocanna a shocrú le haghaidh forbairt phearsanta agus gnóthachtáil agus athbhreithniú a dhéanamh orthu.
- Acmhainn níos mó chun aincheisteanna eiticiúla a ionramháil agus machnamh a dhéanamh ar luachanna pearsanta.
- An chaoi le cinntí níos eolasaí a dhéanamh.
- A bheith ag cloí níos faide le tascanna, go háirithe agus iad dúshlánach.
- A bheith ag tosú a bhreathnú ar dhúshláin mar dheiseanna breise le haghaidh fáis.
- A bheith ag oiriúnú níos fearr do ghrúpaí agus do thimpeallachtaí úra sóisialta.
- A bheith ag idirghníomhú le daoine eile ar bhealach níos comhbhách, san fhíorshaol agus ar líne araon.
- A bheith ag glacadh úinéireachta níos minice ar a chuid iompraíochtaí agus cinntí féin.
- Níos mó treallúis agus ceannasaíochta a léiriú ar scoil, sa bhaile agus sa phobal.

### Eispéiris scoláire

- Tionscadail chomhoibríocha, comórtais, gníomhaíochtaí le linn na bliana chun spriocanna comhchoiteanna a bhaint amach.
- Taisc agus tionscadail aonair, lena mbainfeadh scileanna digiteacha agus neamh-digiteacha chun féinléiriú a chumasú.
- Punann a chruthú, faoi threoir, lena ndéanfaí taifead dá fhás pearsanta.
- Oideachas agus treoir i dtaobh forbairt phearsanta agus mhothúchánach agus feasacht shóisialta.
- Gníomhaíochtaí agus eispéiris ag cur na sláinte fisicí agus mothúchánaí ar feadh an tsaoil chun cinn.
- Deiseanna le haghaidh machnamh faoi threoir agus athbhreithniú ar spriocanna pearsanta.
- Deiseanna foirmeálta agus neamhfhoirmeálta chun labhairt agus cur i láthair a dhéanamh sa rang, os comhair an phobail agus in agallaimh.
- Aitheantas d'fhás pearsanta agus do dhúshláin phearsanta i ngach gné de shaol na scoile i gcaitheamh na bliana.

## A BHEITH I D'FHOGHLAIMEOIR

### Táscairí forbartha

- A bheith níos spreagtha chun foghlama agus breathnú ar an oideachas mar rud fiúntach taitneamhach.
- Spriocanna foghlama a shocrú agus athbhreithniú rialta a dhéanamh orthu.
- A bheith ag éirí níos inniúla le teicneolaíochtaí digiteacha, mar úsáideoir agus mar chruthaitheoir.
- A shuimeanna pearsanta féin a fhiosrú.
- Léirthuiscint níos fearr ar an bhfoghlaim ar feadh an tsaoil.
- A bheith níos toilteanaí foghlaim ó bhotúin agus a chrios compoird a leathnú.
- Eolas agus scileanna atá ábhartha don tsraith shinsearach a shealbhú.
- Tábhacht an aiseolais a thuiscint agus níos mó measa a léiriú air.
- Cur lena acmhainneacht i dtaca le foghlaim neamhspleách fhéinrialaithe.
- A bheith níos oscailte i leith triail a bhaint as réimse straitéisí foghlama.
- A scileanna cumarsáide agus láithreoireachta a leathnú.
- A chuid smaointe féin a chur in iúl níos soiléire agus é ag plé le smaointe daoine eile.

### Eispéiris scoláire

- Ábhair leanúnachais agus ag fáil blaiseadh d'ábhar le foghlaim a dearadh chun príomhinniúlachtaí na sraithe sinsearaí a fhorbairt.
- Éagsúlacht d'oideolaíochtaí a bheadh ag teacht le fíorú aidhmeanna an Ráitis an Chláir agus le bheith ag tacú leis na táscairí forbartha do gach aon scoláire.
- Deiseanna bríocha foghlama lena n-ionchorpórfaí ionchur an scoláire.
- Deiseanna le cur le foghlaim an scoláire le linn an aistrithe ón tsraith shóisearach go dtí an tsraith shinsearach.
- Measúnú ar a fhoghlaim agus forbairt trí éagsúlacht d'fhoirmeacha mar shampla múinteoir, piar- agus féinmheasúnú, agus chun críche foirmitheacha agus suimitheacha.
- Aitheantas do ghnóthachtáil i ngach réimse den churaclam.
- Punann a chruthú, faoi threoir, lena ndéanfaí taifeadadh ar fhorbairt an scoláire agus a dhul chun cinn mar fhoghlaimeoir.
- Réimse de thionscadail aonair agus foirne, comórtais, gníomhaíochtaí i gcaitheamh na bliana atá indéanta agus dúshlánach go leor.

## RANNPHÁIRTÍOCHT SHIBHIALTA AGUS PHOBAIL

### Táscairí forbartha

- Caidrimh níos comhbháiche measúla a chothú le daoine, áit, an dúlra.
- Níos mó léirthuisceana agus measa ar dhínit an duine agus ilchineálacht.
- A fheasacht agus a bhraistint comhbhá, féiniúlachta agus muintearais a dhoimhniú.
- Castacht agus éiginnteacht a aithint agus a bheith ag plé leo.
- Gníomhú chun maireachtáil ar bhealach níos inbhuanaithe.
- Níos mó treallúis a léiriú ina scoileanna, pobail, agus sochaí.
- Spriocanna a shocrú le bheith ina shaoránach gníomhach agus athbhreithniú a dhéanamh orthu seo.
- A bheith ag obair ar bhonn níos comhoibríche le daoine eile agus mar chuid d'fhoirne.
- A bheith ag éirí níos rannpháirtí le gníomhaíochtaí cruthaitheacha agus cultúrtha.
- A bheith ag iarraidh cur le saol níos córa.
- Tuiscint níos fearr a bheith aige ar idirghaolmhaireachtaí na bpobal áitiúil, náisiúnta agus domhanda.

### Eispéiris scoláire

- A bheith ag obair le heagraíochtaí agus gnólachtaí áitiúla nó náisiúnta i gcaitheamh na bliana.
- Deiseanna le bheith ag obair go deonach trí obair phobail agus socrúchán sóisialta.
- Oideachas ar fhorbairt inbhuanaithe, lena n-áireofaí gníomh bríoch le haghaidh domhan níos inbhuanaithe.
- Comhroinnt eolais agus scileanna laistigh de phobal na scoile agus i measc páirtithe leasmhara sa phobal.
- Punann a chruthú, faoi threoir, lena ndéanfaí taifead dá rannpháirtíocht shibhialta agus phobail.
- Tionscadail, comórtais, gníomhaíochtaí sa seomra ranga, ar scoil, sa bhaile, i bpobail áitiúla agus sa tsochaí.
- Rannpháirteachas bríoch le múnlú chultúr na scoile.
- Deiseanna foghlama maidir le comhbhá, ilchineálacht agus ionchuimsiú.

## TAIGHDE GAIRME

### Táscairí forbartha

- A bheith níos eolasaí i dtaobh na gceangal idir an t-oideachas agus deiseanna gairme.
- A bheith ag cur lena fheasacht ar shuimeanna pearsanta, inniúlachtaí, luachanna agus meonta.
- Spriocanna gairm-bhainteacha a shainaithint agus a athbhreithniú ar bhonn níos rialta.
- Níos mó acmhainneachta a bheith ag an scoláire chun taighde agus machnamh criticiúil a dhéanamh ar chonairí gairme.
- Níos mó scileanna gairmiúla, eagrúcháin agus cumarsáide a ghnóthú.
- A bheith ag foghlaim an dóigh le smaointe a ghiniúint agus le smaointe a chur i ngníomh.
- A chuid eolais agus iompraíochtaí sa láthair oibre a fheabhsú trí thaithí phraiticiúil.
- Níos mó feasachta a bheith aige ar shaol na hoibre agus na fiontraíochta.

Oide

CC BY NC

### Eispéiris scoláire

- Socrúcháin oibre i gcaitheamh na bliana.
- Tascanna machnaimh, faoi threoir, le linn taithí agus socrúchán san IB.
- Ábhair agus modúil ar churaclam na sraithe sinsearaí a nascann le réimse de chonairí sa todhchaí.
- Gairmthreoir agus tacaíocht sa seomra ranga i dtaca le réimse de chonairí sa todhchaí.
- Punann a chruthú, faoi threoir, a dhéanann taifeadadh ar a chuid machnaimh ar a thaighde gairme.
- Éagsúlacht de dheiseanna foghlama, a fheabhsaíonn scileanna praiticiúla agus gairmiúla.
- Fáil ar ócáidí nó ar thimpeallachtaí foghlama a bhaineann le gairmeacha.
- Aoichainteoirí ó éagsúlacht de chúlraí agus de ghairmeacha.
- Gearrchúrsaí teistithe nó micridhintiúir.
- Deiseanna chun inniúlachtaí agus cumais a mheas.

# Athmhachnamh agus Athnuachan – Gnéithe Scoláire

- Ag baint úsáid as bosca uirlisí an CNCM chun machnamh a dhéanamh agus cuimhneamh chun tosaigh

- An bhfuil an clár seo leathan agus cothrom?




https://tinyurl.com/machnamhIB

Pair Activity

# Athmhachnamh agus Athnuachan – Eispéiris Scoláire

Oide

Tá na heispéiris scoláire ceaptha le héagsúlacht de dheiseanna agus de chomhthéacsanna féideartha a sholáthar chun tacú le foghlaim agus forbairt scoláire a bheadh ag teacht leis na táscairí forbartha.

(Ráiteas an Chláir Idirbhliana, 2024, lch 11)




Gníomhaíocht Beirte

# Athmhachnamh agus Athnuachan – Comhpháirteanna

Is iad na comhpháirteanna an bealach trína ndéantar formhór na n-eispéireas scoláire, a bhfuil cur síos orthu sna Gnéithe Scoláire, a aistriú isteach i gcuraclam IB na scoile.

(Ráiteas an Chláir Idirbhliana, 2024, lch 17)



## Tábla Forléargais ar na Comhpháirteanna

Struchtúr atá bunaithe ar Thábla 3 de Ráiteas Chlár na hIdirbhliana athbhreithnithe 2024.
Is é an fheidhm atá ag colún na láimhe deise ná an chaoi a bhfuil ár gclár Idirbhliana ailínithe le Ráiteas Chlár na hIdirbhliana a léiriú.

| Gné Scoláire | Cineálacha Comhpháirteanna | Na comhpháirteanna inár scoil – an méid atá againn agus an méid atá uainn |
|---|---|---|
| Fás Pearsanta | **Leanúnachas**<br>• Corpoideachas atá ailínithe le Creat an Chorpoideachais<br>• OSPS (uair in aghaidh na seachtaine) | |
| | **An méid a bhaineann go sainiúil leis an Idirbhliain**<br>Réimse modúl a chuireann eispéiris ar fáil d'fhorbairt agus d'fhás an scoláire. | |

| Gné Scoláire | Cineálacha Comhpháirteanna | Na comhpháirteanna inár scoil – an méid atá againn agus an méid atá uainn |
|---|---|---|
| Rannpháirtíocht Shibhialta agus Phobail | **Ár bpobal féin**<br>Gníomhaíochtaí for-rochtana áitiúla, socrúchán pobail, gníomhaíochtaí fiontar sóisialta, oideachas um ilchineálacht chultúrtha | |
| | **Ár bpobal domhanda**<br>• Oideachas le haghaidh Forbairt Inbhuanaithe<br>• Gníomh bríoch, faoi threoir an scoláire, ar bhonn pearsanta nó ar bhonn comhoibríoch agus baint aige leis an maireachtáil inbhuanaithe | |
| Taighde Gairme | **Socrúchán Oibre**<br>**Socrúchán Pobail**<br>(is ionann é seo agus 2–4 seachtaine) | |
| | **Gairmthreoir**<br>Rang amháin sa tseachtain nó ranganna a bheadh sceidealaithe chun díriú ar an bhfoghlaim a bhaineann le gairmeacha | |
| | **Eispéiris bhreise ghairm-bhainteacha**<br>Mar shampla: aoichainteoirí, blasmhodúil i bPrintíseachtaí / Cúrsaí Oiliúna/ Breisoideachas / Ardoideachas, laethanta eolais, dámhachtainí forbartha le tacaíocht ón Rialtas, gearrchúrsaí teistithe. | |

Gníomhaíocht Beirte

# Machnamh chun Cinn

Oide

| Gné an Fhócais | An Tosnú | Ag Forbairt | Bunaithe | Faoi Bhláth |
|---|---|---|---|---|
| |  |  |  |  |
| Cuspóir & Aidhmeanna (RCIB, lch.8) | Feasacht á forbairt. | Ag cur le pleanáil uaireanta. | Ag cur le pleanáil go minic. | Ag cur le pleanáil go leanúnach. |
| Forbairt Scoláire – 4 Ghné Scoláire (RCIB, lgh.10–15) | Níl naisc shoiléir le gnéithe scoláire. | Eispéiris áirithe ag tacú le gnéithe faoi leith. | Formhór na n-eispéireas ag tacú le forbairt thar na gnéithe. | Treorann gnéithe scoláire gach cuid de dhearadh an chláir. |
| Clár comhleanúnach & leathan (RCIB, lch.16) | Cuma scoilteach ar an gclár. | Iarracht á dhéanamh cothromaíocht a fheabhsú. | Clár comhleanúnach go ginearálta. | Comhleanúnachas d'aonghnó agus go comhsheasmhach. |
| Athbhreithniú, meastóireacht & athnuachan (RCIB, lch.25) | Athbhreithniú neamhfhoirmiúil nó frithghníomhach. | Roinnt fianaise á chur san áireamh in athbhreithniú. | Athbhreithniú mar chuid den phlean agus fianaise-bunaithe. | Athnuachan leanúnach leabaithe. |
| Cleachtas Punainne IB (RCIB, lgh.20, 24–25) | Níl an cuspóir soiléir | Ag tacú le méid áirithe mhachnaimh. | Fás diaidh ar ndiaidh le feiceáil . | Lárnach don fhoghlaim agus don fhéinriar. |

| Gné Láidir: | Gné le haghaidh athnuachan fócasaithe: |
|---|---|
| | |

# Cad is féidir a bhaint as an gCleachtadh Machnaimh?

- Cad atá ag obair go maith?
- An gcuireann na heispéiris scoláire leis na Táscairí Forbartha?
- Meabhrúchán dúinn: TÓGFAIDH SÉ SEO AM!



Oide

# Súil Siar ar Iniúchadh na hIdirbhliana

- **Athbhreithniú** ar do chlár reatha
- **Meastóireacht** a dhéanamh ar na hathruithe a chuir tú i bhfeidhm
- **Nuashonrú** a dhéanamh le deiseanna breise a chur ar fáil chun cur le do chlár




Pair Activity

# Forléargas an tSeisiúin

Oide

Déan **Athbhreithniú** ar Iniúchadh na hIB,

mar phróiseas ar son forbairt leanúnach

**Measúnaigh** na hathruithe mar gheall ar ár rannpháirtíocht san iniúchadh

**Sainaithin** deiseanna chun ár gcláir a nuashonrú de réir Ráiteas an Chláir IB

# Sos



**15 Nóiméad**

Oide

Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí

Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

# Seisiún 2

# Ag baint úsáide as Micreamhodúil chun beocht a chur lenár gClár IB




cc BY NC

# Forléargas an tSeisiúin

Oide

**Déan athbhreithniú ar an tslí a dtacaíonn an machnamh agus an t-athnuachan le forbairt Clár IB**

Bí rannpháirteach sa phróiseas dearaidh mhicreamhodúl IB

Pléigh agus Measúnaiugh micreamhodúil mar chóras chun Clár IB a fhorbairt

# Ráiteas Chlár na hIdirbhliana

Oide

**Gnéithe Scoláire**

- Fás Pearsanta
- A bheith I d'Fhoghlaimeoir
- Rannpháirtíocht Shibhialta agus Phobail
- Taighde Gairme




**Gnéithe Curaclaim**

- Comhpháirteanna
- Teagasc agus Measúnú
- Aithint agus Tuairisciú
- Machnamh agus Athnuachan

# Gnéithe Scoláire




Tríd an gclár IB a athbhreithniú, a mheastóireacht agus a nuashonrú, ar bhealach leanúnach ionchuimsitheach, ceadaítear an clár IB is fearr a fhorbairt a oireann d'fhoghlaim agus d'fhorbairt an scoláire.

(Ráiteas an Chláir Idirbhliana, 2024, lch 16



# Céard is Micreamhodúil?

Oide

Mar gheall ar mhicreamhodúil, tá córas praiticiúil soláimhsithe ann chun athbhreithniú a dhéanamh ar chlár IB agus chun é a fhorbairt.




Is é is micreamhodúl ann ná:

- Aonad foghlama gearr, dírithe
- A ailínítear le Ráiteas an Chláir Idirbhliana
- Atá struchtúrtha, ach solúbtha maidir leis an tslí a soláthraítear é
- A riarann ar riachtanais scoláirí agus ar chomhthéacs na scoile

Oide

# An Tabhacht atá le Micreamhodúil

Ailíníonn siad le Clár Ráiteas na hIB, ag cur le fás agus forbairt chun freastal ar:

- riachtanas foghlama an scoláire
- an comhthéacs áitiúil
- tosaíochtaí atá ag teacht chun cinn



Oide

# Conas a roghnaítear Micreamhodúil?

Cén léargas a fhaighimid ón inniúchadh a léiríonn gá le hathfhorbairt?

Cad iad na gnéithe scoláire nó na táscairí forbartha is féidir a neartú?



Oide

# Athmhachnamh

Cad iad na gnéithe de do chlár IB reatha a d’fhéadfaí a athnuachan chun tacú le forbairt do chuid scoláirí?

https://www.menti.com/alqszefpz17a

Bain úsáid as an gcód MF nó clóscríobh an nasc i do brabhsálaí gréasáin

slido

Digital Strategy

# An Próiseas Dearaidh maidir le Micreamhodúil

Cruthaigh achoimre de mhicreamhodúl chun do chlár IB a nuashonrú agus a fhorbairt

**Smaoinigh ar:**

- riachtanais na scoláirí
- an comhthéacs áitiúil
- tosaíochtaí atá ag teacht chun cinn




Pair Activity

Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí

Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

# An Próiseas Dearaidh maidir le Micreamhodúil

| Aidhm | Cúspóir | Táscairí Forbartha | Torthaí Foghlama | Gníomhachtaí ailínithe | Measúnú | Tuairisciú |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | | |

Pair Activity

# Aiseolas

## An Fhoghlaim a roinnt



Aiseolas

Group Activity

Oide

# Cén Micreamhodúil?

- Cén léargas a fhaighimid ón iniúchadh a léiríonn gá le hathfhorbairt?
- Céard iad na gnéithe scoláire nó na táscairí forbartha a d'fheadfá cur leo?



# Athbhreithnigh, Measúnaigh, Nuashonraigh

- **Athbhreithnigh**
  Cad atá le fáil faoi láthair?
- **Measúnaigh**
  Cén maitheas a dhéanfaidh na micreamhodúil seo le forbairt ár scoláirí?
- **Nuashonraigh**
  Cad atá le beachtú, le neartú, nó le hathnuachan?



# Micreamhodúil a d’fhorbair CNCM



Oide

# Micreamhodúil a forbraíodh go seachtrach




Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí

Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

# Ár bhFócas


NCCA
Micreamhodúl na hIdirbhliana
Bainistíocht Tionscadail
CNCM
Lúil 2025


CSLINC
Computer Science Inclusive Learning Environment
Transition Year micro-module
Exploring Artificial Intelligence (AI)
Developed by CSLINC in collaboration with NCCA
October 2025


Include organisation logo here on the cover page [delete this text]
Transition Year micro-module
Overwrite this text with the name of your course
Developed by [Name of the organisation]
Month and Year

# Bainistíocht Tionscadail & Micreamhodúil IS

Oide

*…young people are provided the opportunity to increase their capacity to manage a broad range of projects in senior cycle and beyond.*

(Transition Year micro-modules, Project Management, 2025, p.1)

*Engaging with AI is becoming an essential aspect of lifelong learning. This micro-module offers students an opportunity to explore and understand AI*

(Transition Year micro-modules, Exploring Artificial Intelligence, 2025, p.3)



# Bainistíocht Tionscadail & Micreamhodúil IS







Bain úsáid as an gcód MF

Individual Activity

# Bainistíocht Tionscadail & Micreamhodúil IS

Oide




- Cad é an fhoghlaim is mó tosaíocht?
- Cad iad na scileanna atá a bhforbairt?
- Conas a d'fhéadfaí fianaise ar fhoghlaim a bhailiú agus a thuairisciú?

Pair Activity

# Aiseolas

## An fhoghlaim a roinnt lena chéile



Aiseolas

Group Activity

# Deiseanna a aithint

Cá bhféadfadh micreamhodúil ionad a ghlacadh, athnuachan, nó do Chlár Idirbhliana reatha a neartú?



Oide

# Athbhreithniú, Measúnú, Nuashonrú






# Na Chéad Céiméanna eile




Rolfe et al (2001)







Machnamh

Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí

Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

# Forléargas an tSeisiúin

Déan athbhreithniú ar Iniúchadh na hIdirbhliana, mar phróiseas ar son forbairt leanúnach

Measúnaigh na hathruithe mar gheall ar ár rannpháirtíocht san iniúchadh

Sainaithin deiseanna chun ár gcláir a nuashonrú de réir Ráiteas an Chláir Idirbhliana

# Lón



Oide

Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí

Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

# Seisiún 3

# Cleachtas Phunann na hIdirbhliana a Neartú




CC BY NC

# Forleargas ar an Seisiún

**Athbhreithniú ar bhur gcleachtas reatha maidir le punann na hidirbhliana**

Iniúchadh agus meastóireacht a dhéanamh ar chuír chuigí trí chomhoibriú

Forbairt agus cleachtas punainne a fheabhsú, a nuashonrú agus a neartú ag baint úsáide as tacaíochtaí an CNCM

# Athbhreithniú, Meastóireacht & Nuashonrú

- **Athbhreithniú**
  Cad iad ár gcleachtas reatha maidir le punann na hIdirbhliana?
- **Meastóireacht**
  Cé chomh maith is atá an phunann ag tacú le forbairt scoláirí agus conas a thacaíonn sé le léiriú na forbartha sin?
- **Nuashonrú**
  Cad is gá a bheachtú, a neartú nó a athnuachán?



# Cuspóir na Punainne

Oide

Is é an cuspóir a bhíonn leis an bpunann ná deis a thabhairt don scoláire smaointeoireacht mhachnamhach agus chriticiúil a chur i bhfeidhm ar a chuid eispéireas ar fud na gceithre Ghné Scoláire.

(Ráiteas an Chláir Idirbhliana, 2025, p. 24)




**Táscairí Forbartha**: fianaise ar fhás

**Eispéiris Scoláire**: comhthéacs don fhoghlaim

Cuimsíonn agus ceanglaíonn Punann na hIB iad go léir

Oide

# Cuspóir na Punainne




- Tacaíonn sé le daltaí a gcuid foghlama a thaifeadadh agus a léiriú.
- Spreagann sé machnamh ar thaithí agus ar fhás pearsanta.
- Léiríonn sé forbairt na ndaltaí i rith na bliana.



# Treoir maidir le Forbartha Punainne


NCCA
Treoir maidir leis
an gcomhpháirt
Forbartha Punainne
An Idirbhliain
Eanáir 2025

Scan an Cód MF nó clóscríobh
an nasc i do bhrabhsálaí

https://bit.ly/4I98UcA

# Eilimintí Riachtanacha de Phunann na hIdirbhliana

Tugann sé an deis…

- spriocanna a shocrú agus athbhreithniú a dhéanamh
- Athbhreithníu croineolaíoch a dhéanamh ar thaithí agus ar fhoghlaim an scoláire
- Dul chun cinn trasna na Gnéithe Scoláire a thomhais
- Machnamh criticiúil ar eochairmhóimintí agus ar fhoghlaim a dhéanamh.




Gníomhaíocht Aonair

# Deis Mhachnaimh

Cad é an príomhchuspóir atá ag punann na hIdirbhliana i do scoil faoi láthair?

Machnamh?

Fianaise?

Comhlíonadh?

Tuairisciú?



# Fianaise ar an bhFoghlaim agus ar an Machnamh









(Ráiteas an Chláir Idirbhliana, 2024, lch 20)

Oide

# Tuairisciú agus Comhlíonadh

Punann Dhigiteach

**Nó**

Punann Fhisiciúil

Rang amháin gach seachtaine




(Ráiteas an Chláir Idirbhliana, 2024, lch24)

# Cén fáth a ndéanfaí athbhreithniú ar chleachtas punainne?

- Le guth agus eispéiris an scoláire a ghabháil
- Le ceiliúradh a dhéanamh ar fhoghlaim agus ar gnóthachtálacha scoláirí
- Le eolas a thabhairt chun tacú lenár gcleachtas ag baint úsáide as fianaise ábhartha
- Le tacaíocht a thabhairt don mheasúnú trasna na comhpháirteanna sna hIdirbhliana
- Le eolas a thabhairt do na chéad chéimeanna eile i ndearadh an chláir



# Do Scoil, Do Chomhthéacs

Conas a d’fhéadfadh punann eochairmhóimintí, buaicphointí agus eispéiris foghlama tábhachtacha a ghabháil le linn na hidirbhliana?



Conas a d’fhéadfaí tacú le scoláirí agus iad ag socrú spriocanna forbartha agus foghlama agus ag machnamh orthu?



# Aiseolas – Ag roinnt Cleachtais



Aiseolas



Gníomhaíocht Ghrúpa

# Tacaíochtaí do Scoláirí le Spriocanna a Shocrú




## Aguisín E | Gníomhaíochtaí molta don scoláire chun tacú le forbairt na punainne

### Gníomhaíocht Mholta 1 don Scoláire

**Scríobhann an scoláire litir nó téacs chuige féin amach anseo (faoi cheann 5 nó 10 mbliana). Smaointe a chuimsiú faoin áit a bhfuil sé anois agus a chuid ábhar dóchais agus uaillmhianta don todhchaí, chomh maith leis na dúshláin a d'fhéadfadh teacht roimhe.**

### Gníomhaíocht Mholta 2 don Scoláire

**Déanann an scoláire machnamh, arna éascú ag an múinteoir, ar fhriotal na dtáscairí forbartha agus ar na heispéiris scoláire ó na ceithre Ghné Scoláire, d'fhonn:**

- **tuiscint a fháil ar a bhfuil i gceist leo**
- **smaoineamh ar an gcaoi is fearr le húsáid a bhaint astu chun an phunann a fhorbairt.**

**Nótaí an Mhúinteora le haghaidh Ghníomhaíocht Mholta 2 don Scoláire**

Baineann gné forbartha leis na táscairí forbartha, de réir cuspóra. Cuireann gach ceann díobh deis ar fáil don scoláire le forbairt a dhéanamh ar bhealaí aonair agus ar chéimeanna éagsúla. Ar an mbealach sin, treoir mhachnamh atá sna táscairí forbartha chomh maith, lena gcuirtear ar a chumas don scoláire a dhul chun cinn a thomhas agus monatóireacht a dhéanamh air.

Scafall tábhachtach atá i bhfriotal na dtáscairí forbartha agus na n-eispéireas scoláire chun machnamh agus forbairt na punainne a threorú. Cuirfidh an friotal sin ar a chumas don scoláire réimsí a bhreithniú, a aithint agus a shainaithint inar féidir leis forbairt agus foghlaim a dhéanamh. Is 'pointe tosaigh' don scoláire a chuirtear ar fáil leis na táscairí forbartha ar ar féidir leis a chuid ábhar machnamh féin a thógáil agus a fhorbairt ar fud a phunainne.

Moltar gníomhaíocht socraithe sprice in Aguisín E. Ba cheart spriocanna a bheith pearsanta, fiúntach agus ábhartha seachas a bheith ró-uaillmhianach.

(Treoir maidir leis an gcomhpháirt Forbartha Punainne, 2024, lch 5)

# Forbairt Punanna: Siúlóid Ghailearaí

## Déanfaidh Rannpháirtithe iniúchadh ar 4 phunann dhifriúil

Siúlóid Ghailearaí



Gníomhaíocht Bheirte



Oide

# Samplaí de Phunanna

Punann 1

https://bit.ly/4s8HNBo

Punann 2

https://bit.ly/4rW3Wmd

Scan an Cód MF nó clóscríobh an nasc i do bhrabhsálaí .

Group Activity

# Grúpghníomhaíocht – Iniúchadh ar Phunann amháin

Oide

https://tinyurl.com/punann

Scan an Cód MF nó clóscríobh an nasc i do bhrabhsálaí .

https://bit.ly/4b8T3q1

IdeaBoardz

- Conas a dhéanfaidh na scoláirí doiciméadú ar a ndul chun cinn i rith na bliana?
- Cén fhianaise atá ann ar dhul chun cinn trasna na Gnéithe Scoláire?
- Conas a thacaítear le machnamh nó conas a léirítear é?

Group Activity

# Aguisín A : Machnamh ar Bhuaicphointí agus ar Thaithí Foghlama

Oide


3. Leideanna chun cuidiú leis an scoláire machnamh a dhéanamh ar a chuid foghlama

- Ba é an rud ba thábhachtaí a d'fhoghlaim mé...
- D'athraigh mé mo chuid barúlacha i leith...
- Is éard a d'fhoghlaim mé ó na dúshláin a bhí romham...
- Táim níos feasaí ar mo luachanna pearsanta, is é sin...
- Ghlac mé freagracht phearsanta nuair...
- D'éirigh mé níos fearr ag an gcinnteoireacht nuair...
- Bhí aiseolas fóinteach dom i leith...
- I measc na scileanna nua agus na straitéisí foghlama nua a d'fhor
- Thaitin sé liom mo chuid foghlama a roinnt le... nuair...
- Chuir sé crua orm nuair...
- D'fhorbair mé caidrimh mhaithe le... trí...
- Agus mé i mbun cumarsáide le daoine eile, is féidir liom...
- Gairm is spéis liom anois is ea... mar...
- Rud ar mhaith liom tuilleadh fiosrúcháin a dhéanamh air is ea...
- An rud a chuir iontas orm ba ea...
- Rud a chuir ag smaoineamh i ndáiríre mé ba ea...

Aguisín A | Leideanna samplacha chun tacú le machnamh an scoláire

1. Leideanna le fiafraí den scoláire maidir le táscaire forbartha

Le linn breithniú a dhéanamh ar tháscaire forbartha, cuir i gcás, ***A bheith níos oscailte i leith triail a bhaint as réimse straitéisí foghlama*** (Gné Scoláire – A Bheith i d'Fhoghlaimeoir), d'fhéadfadh na cineálacha ceisteanna nó leideanna a leagtar amach thíos tacú le machnamh an scoláire.

**Táscaire Forbartha:** "A bheith níos oscailte i leith triail a bhaint as réimse straitéisí foghlama

- Déan cur síos ar roinnt straitéisí foghlama a bhfuil tú ag dul ina mbun nó ag baint triail astu san Idirbhliain? Straitéisí a mheasaim is fearr a oibríonn domsa/nach n-oibríonn chomh maith sin domsa ná...
- An bhfuil patrúin sna cineálacha straitéisí foghlama is fearr a oibríonn duit? Is iad sin...
- Nuair a bhainim leas as straitéis foghlama nua sa seomra ranga, mothaím...
- Nuair a thagann tú ar choincheap deacair, an gcloíonn tú le modh ar leith, nó an mbaineann tú triail as rud éigin nua a thaispeáin múinteoir duit, mar shampla? Mínigh do fhreagra.
- Nuair a bhím ag obair le daoine eile le linn mo chuid foghlama, nó nuair a chuirim tionscadal i gcrích, mothaím...
- Ar na straitéisí foghlama a sheachain mé san am atá thart, tá...
- Meas tú arbh fhiú triail a bhaint as cuid de na straitéisí sin arís anois?

2. Leideanna le haghaidh ábhair machnaimh chriticiúil maidir le botúin agus údair ratha i gcaitheamh na bliana

D'fhéadfaí iarraidh ar an scoláire smaoineamh ar na botúin a rinne sé le déanaí agus ar an méid ar éirigh leis ann san Idirbhliain, agus ar an gcaoi ar fhoghlaim sé uaidh sin.

Seo samplaí de cheisteanna chun tacú le príomhábhair machnaimh chriticiúil:

| | |
|---|---|
| 'Cén chaoi ar tháinig mé ar na botúin?' | 'Céard a chuir leis an rath a bhí orm?' |
| 'Cén fáth a ndearna mé na botúin sin?' | 'Cén chaoi ar mhothaigh mé nuair a d'éirigh liom?' |
| 'Cén chabhair a bhí uaim leis an bhfadhb a réiteach?' | 'Cá háit a ndearna mé an fhoghlaim ab fhearr de mo chuid?' |
| 'Céard a d'fhoghlaim mé ó na botúin a rinne mé?' | 'Cén chaoi ar féidir liom forbairt a dhéanamh ar an rath sin?' |
| 'Cén chaoi a láimhseálfaidh mé botúin a dhéanfaidh mé amach anseo?' | 'Ar athraigh mé rud ar bith faoin gcaoi a mbím ag foghlaim, an chaoi a ndéanaim rudaí agus an chaoi a n-idirghníomhaím le daoine eile?' |
| 'Cérbh iad na scileanna nó na láidreachtaí a chuir mé i bhfeidhm le go n-éireodh liom?' | |

Baineann anailís, féinfhiosrú agus féinmheastóireacht le hábhair machnaimh chriticiúil, agus mar thoradh air sin bíonn tuiscint níos fearr ag an scoláire ar an tionchar a bhíonn ag eispéiris ar leith.

(Treoir maidir leis an gcomhpháirt Forbartha Punainne, 2024, lch 8)

# Aguisín B : Bealaí molta ar féidir leis an scoláire a dhul chun cinn a fhaifeadadh



## Aguisín B | Bealaí molta ar féidir leis an scoláire a dhul chun cinn a thaifeadadh

Ó cheann ceann na hIdirbhliana, spreagtar don scoláire a chuid dul chun cinn agus ábhar machnamh a thaifeadadh ar bhealaí éagsúla, ina measc, ach gan bheith teoranta dóibh seo:

| | | | |
|---|---|---|---|
| Fógraí | ✓ | Grianghraif | ✓ |
| Nótaí mínithe | ✓ | Dánta | ✓ |
| Beathaisnéis | ✓ | Ceisteanna | ✓ |
| Comharthaíocht choirp a úsáid | ✓ | Litreacha tagartha nó tagairtí | ✓ |
| Cairteacha nó graif | ✓ | Léirmheasanna (i scríbhinn nó ó bhéal) | ✓ |
| Colláisí | ✓ | Ábhair mhachnaimh (i scríbhinn nó ó bhéal) | ✓ |
| Bailiúcháin ábhar nó réad | ✓ | Scéalta nó leabhair scéalta | ✓ |
| Tógálacha | ✓ | Siombailí nó íocóin | ✓ |
| Iontrálacha dialainne | ✓ | Amlínte | ✓ |
| Drámú | ✓ | Físeáin | ✓ |
| Cothromóidí | ✓ | Néalta focal | ✓ |
| Aiseolas | ✓ | | |
| Scéalta grafacha | ✓ | | |
| Léaráidí nó líníochtaí | ✓ | | |
| Agallaimh (i scríbhinn nó ó bhéal) | ✓ | | |
| Dialann a choinneáil | ✓ | | |
| Litreacha a scríobh | ✓ | | |
| Liostaí | ✓ | | |
| Meabhairmhapaí nó eagraithe grafacha eile | ✓ | | |
| Gluaiseachtaí | ✓ | | |
| Ceol, fuaim nó smaointe ceoil | ✓ | | |

85%

'Ó cheann ceann na hIdirbhliana, spreagtar don scoláire a chuid dul chun cinn agus ábhar machnamh a thaifeadadh ar bhealaí éagsúla'.

(Treoir maidir leis an gcomhpháirt Forbartha Punainne, 2024, lch12)

# Aguisín C: Samhlacha Machnaimh




Rolfe et al (2001)



## Aguisín C | Samhlacha Machnaimh

Seo thíos liosta ceisteanna a d'fhéadfadh a bheith úsáideach mar leideanna le haghaidh mhachnamh an scoláire agus úsáid á baint as samhail Rolfe *et al.*

Fíor 2 : Samhail mhachnaimh Rolfe et al. (2001)

**Céard?...**

- Céard a bhí san fhoghlaim a bhí mé ag iarraidh a bhaint amach?
- Cérbh iad na gníomhartha a ghlac mé féin nó daoine eile?
- Cé na deiseanna a cuireadh romham?
- Cé na dúshláin nó na deacrachtaí a cuireadh romham agus cén chaoi ar thug mé aghaidh orthu?
- Cé na mothúcháin a mhúscail sé ionam?
- Céard a bhí úsáideadh/nach raibh úsáideach dom faoin eispéireas?
- Cén toradh a bhí ar an eispéireas?

**Samhlacha machnaimh breise**

- Getting started with reflective practice
- Kolb's learning cycle
- Gibb's reflective cycle
- Schön's reflection-on-action and reflection-in-action

**Mar sin?...**

- Céard a insíonn nó a fhoghlaimíonn sé sin dom fúm féin?
- Céard air a bhunaigh mé mo chuid gníomhartha?
- Cén cineál foghlama a thug mé liom isteach san eispéireas?
- Céard a d'fhéadfainn nó ba cheart dom a dhéanamh go difriúil?
- Céard í an chroí-fhoghlaim a bhain mé as an eispéireas seo?
- Céard a chuir iontas orm faoin eispéireas seo?
- Céard a thaitin/nár thaitin liom faoin eispéireas?

**Anois?...**

- Céard a d'fhoghlaim mé fúm féin (láidreachtaí agus spéiseanna)?
- Céard atá le déanamh agam anois chun feabhas a chur ar mo chuid eolais/scileanna don todhchaí?
- Céard a dhéanfaidh mé leis an bhfoghlaim sin?
- Céard a dhéanfainn go difriúil dá mbeadh an deis agam a bheith páirteach san eispéireas seo arís?

Baineann an machnamh ar eispéiris an scoláire le céard, cén chaoi agus cén fáth a bhfoghlaimítear, agus féadfaidh sé bonn eolais a chur faoi ghníomhartha amach anseo

(Treoir maidir leis an gcomhpháirt Forbartha Punainne, 2024, lch 6)

# Aguisín D: Teimpléid Shamplach le hathbhreithniú a dhéanamh ar Eispéireas Scoláire agus Samplaí



Tugtar machnamh samplach thíos ar eispéireas an scoláire – Ceoldráma na hIdirbhliana.

**Eispéireas an Scoláire:** Tionscadail chomhoibríocha, comórtais, gníomhaíochtaí le linn na bliana chun spriocanna comhchoiteanna a bhaint amach: **Ceoldráma na hIdirbhliana**

| Gnéithe Scoláire | Táscairí forbartha a sainaithníodh | Leideanna do mhachnamh an sc |
|---|---|---|
| **Fás Pearsanta** | *Éirí níos cinnte agus níos muiníní ina thaobh féin mar dhuine.*<br>*Oiriúnú níos fearr do ghrúpaí agus do thimpeallachtaí úra sóisialta.* | *Is iad na codanna a d'fhág go raibh m muiníní...*<br>*Ar na grúpaí ar ghlac mé páirt iontu,*<br>*Ar na grúpaí a bhí éasca orm oibriú le bhí... mar...*<br>*Ar na grúpaí a bhí rud beag dúshlána dom, bhí... mar...* |
| **A bheith i d'Fhoghlaimeoir** | *A shuimeanna pearsanta féin a fhiosrú.*<br>*A bheith níos toilteanaí foghlaim ó bhotúin agus gan éirí róshócúlach.* | *Is éard a d'fhoghlaim mé fúm féin agu faoi mo chuid spéiseanna tríd an eisp seo ná...*<br>*Ar na botúin a rinne mé, bhí... agus a róil nua a raibh mé bainteach leo, bhí* |
| **Rannpháirtíocht Shibhialta agus Phobail** | *Castacht agus éiginnteacht a aithint agus a bheith ag plé leo.*<br>*A bheith ag éirí níos rannpháirtí le gníomhaíochtaí cruthaitheacha agus cultúrtha.* | *Ba é an chastacht ba mhó domsa ná...*<br>*Bhraith mé éiginnte faoi...*<br>*D'éirigh mé ní ba chruthaithí trí...*<br>*Chuir mé le mo mheon cultúrtha trí...* |
| **Taighde Gairme** | *Níos mó scileanna gairmiúla, eagrúcháin agus cumarsáide a ghnóthú.*<br>*Deiseanna chun inniúlachtaí agus cumais a mheas.* | *Ba iad na scileanna a d'fhorbair mé n*<br>*Ba mhaith liom scileanna... a fhorbai thuilleadh...*<br>*Rudaí a raibh mé go maith acu/nach mé chomh maith sin acu ba ea...* |



## Aguisín D | Teimpléad molta chun athbhreithniú a dhéanamh ar eispéiris an scoláire agus sampla

**Eispéireas an Scoláire:**

| Gnéithe Scoláire | Táscairí forbartha a sainaithníodh | Machnamh an scoláire |
|---|---|---|
| **Fás Pearsanta** | | |
| **A bheith i d'Fhoghlaimeoir** | | |
| **Rannpháirtíocht Shibhialta agus Phobail** | | |
| **Taighde Gairme** | | |

'Cuireann eispéiris an scoláire deiseanna ar fáil don fhoghlaim agus don fhorbairt, agus féadfaidh na táscairí forbartha cúnamh a thabhairt don scoláire ina chuid ábhar machnamh.'
(Treoir maidir leis an gcomhpháirt Forbartha Punainne, 2024, lch 6)

**Sampla de Mhachnamh ar Eispéireas Scoláire**

Oide

# Ag Machnamh ar do Thaithí Foghlama

Ag baint leas as an teimpléid ó Aguisín D, roghnaigh ceann d'éispéiris foghlama na hidirbhliana.

Cad iad na Táscáirí Forbartha is ábhartha don **Eispéireas Foghlama** sin?

Cad iad na leideanna a thacóidh le machnamh an scoláire maidir le gach ceann de na **Gnéithe Scoláire**?




**Pair Activity**

# Aiseolas – Ag Roinnt Cleachtas



Aiseolas



Gníomhaíocht Bheirte

Oide

# Recognising and Reporting

Feidhmíonn Punann na hIdirbhliana mar nasc idir an bhfianaise ar an bhfoghlaim a ndéanann an scoláire taifead air agus:

- cleachtais tuairiscithe scoile
- cumarsáide a dhéantar le tuismitheoirí nó caomhneoirí
- cur síos an scoláire ar a g(h)nóthachtáil féin



# Forbairt Punainne: Na Chéad Chéimeanna eile

Oide

**Déan Machnamh**

## Cá bhfuil tú anois?

- Cad iad na cleachtais reatha atá agaibh don phunann, na buaicphointí nó dea-shamplaí?

**Roinn ar a chéile**

## Cá bhfuil do thiail anois?

- Déan machnamh ar na deiseanna atá agaibh úsáid na punainne a fhorbairt (a leathnú agus a dhoimhniú)

Machnamh

# Forleargas ar an EFG

Oide

**Athbhreithniú ar bhur gcleachtas reatha maidir le punann na hidirbhliana**

Iniúchadh agus meastóireacht a dhéanamh ar chuír chuigí trí chomhoibriú

Forbairt agus cleachtas punainne a fheabhsú, a nuashonrú agus a neartú ag baint úsáide as tacaíochtaí an CNCM

# Intinní Foghlama an tEFG

Oide

**01**

Aitheantas a thabhairt don Iniúchadh, mar uirlis chun machnamh agus athnuachan a dhéanamh ar Chlár na hIdirbhliana

**02**

Tuiscint a dhoimhniú ar an gcaoi gur féidir le micreamhodúil a úsáid chun clár na hidirbhliana a athnuachan agus a fhorbairt

**03**

Machnamh a dhéanamh ar chleachtas punainne idirbhliana augs é a fheabhsú trí mheasúnú comhoibríoch, bunaithe ar fhianaise.

# Cumarsáid na hIdirbhliana ó Oide

Oide

**Cláraigh le liosta seachadta na hIdirbhliana, Iar-bhunscoile chun nuacht agus nuashonraí a fháil.**

**Lean Oide**

@Oide_TY

Oide



# Aiseolas

Tóg nóiméad, le do thoil, chun an cód MF a scanadh agus freagair na ceisteanna ar an bhfoirm aiseolais.

Tabhair do sheoladh ríomhphoist má tá suim agat i do chleachtas IB a roinnt.

An Idirbhliain a Chothabháil agus a Neartú: EFG 4

# Míle buíochas

transitionyear@oide.ie www.oide.ie @oide_Ireland

Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí

Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers